Foras na Gaeilge

**LEABHRÁN EOLAIS**

**Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Buan)**
**Cumarsáid & Margaíocht**
**Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha**

**Foras na Gaeilge**

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an nGaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cloí le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

**Láthair**
Oifig Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath a bheidh mar phríomhláthair oibre ag an té a cheapfar sa phost seo. Tá polasaí maidir leis an obair chumaisc ag Foras na Gaeilge agus pléifear na socruithe cuí leis an duine a cheapfar.

**Sochair**
Baineann na téarmaí agus na coinníollacha seo a leanas le post mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Foras na Gaeilge agus cuirfear iad sa Tairiscint Cheapacháin:

Tuarastal: Is é an tuarastal don phost seo €57,173- €72,829*.
D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.
***Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála**.

- Tréimhse an Chonartha: Gan teorainn ach go mbeidh athbhreithniú bliantúil ann;
- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear a bheith i láthair 40 uair an chloig (i seachtain cúig lá). Ceadaítear uair an chloig don lón;
- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an bpost seo;
- Saoire Bhliantúil: 29 lá (ag dul suas go 30 lá tar éis 5 bliana) agus laethanta saoire poiblí;
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith;
- Pinsean: Mar a cheadóidh an CATT;
- Saoire Mháithreachais/Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Thuismitheoireachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad;
- Aois Scoir: de réir na dteidlíochtaí a bheidh i bhfeidhm ag an am;
- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh na Ranna Urraíochta sa dá dhlinse;
- Cód Iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT.

**Ginearálta:**

Tá na hoifigigh faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann "an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999" agus Airt.1 de "Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999."

2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasaíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

**An Próiseas Roghnóireachta**

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d'iarrthóirí cóip PDF den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 12 meán lae, Dé Céadaoin, 7 Deireadh Fómhair 2026 chuig: poist@forasnagaeilge.ie

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha, cuí faoin taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach agus inmhianaithe; tá cur síos orthu sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mionchuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí seo a fuair siad san obair a rinne siad lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir riachtanacha agus ansin critéir inmhianaithe más gá le gearrliosta a dhéanamh d'iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta.

Iad siúd a n-éireoidh leo sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta, iarrfar orthu dul faoi agallamh. Beidh dhá ghné den phróiseas earcaíochta agallamh agus cur i láthair nó tasc scríofa.

<u>**SONRAÍ AN PHOIST**</u>

**Teideal an Phoist**: Ardoifigeach Feidhmiúcháin, An Rannóg Cumarsáide, Margaíochta & Feasachta, Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha.

**Freagrach do**: Clárbhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht & Feasacht.

**Próifíl an Phoist**: Beidh an tArdoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as bainistiú laethúil ar na réimsí thíosluaite.

**Príomhchúraimí**

**Cúraimí Straitéiseacha:**

- Réimse leathan d'fheidhmeanna a thacaíonn le forbairt agus le cur i gcrích spriocanna gnó Fhoras na Gaeilge, agus bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadail mhargaíochta agus poiblíochta.
- Tionscadail agus cláir oibre Fhoras na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir spriocanna aontaithe agus na cuspóirí a bhaineann le Foras na Gaeilge mar chuid d'ár ról san earnáil phoiblí sa dá dhlínse.
- Spriocphobail gach tionscadal agus na cainéil meáin shóisialta/dhigiteacha a aithint i gcomhar leis an gClárbhainisteoir agus páirtithe leasmhara eile.
- Straitéis éifeachtach agus iomlán do na meáin shóisialta/dhigiteacha a fhorbairt i gcomhar leis an gClárbhainisteoir.
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna cuí de réir mar a aontófar leis an gClárbhainisteoir.
- Monatóireacht a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin, na hardáin shóisialta éagsúla le cinntiú go bhfuil ag cloí le dea-chleachtas agus inrochtaineacht.
- A bheith ábalta treoir agus tacaíocht a thabhairt maidir le hábhar a sholáthar do na suíomhanna agus do na hardáin dhigiteacha éagsúla.
- Corais a bhunú i dtaca le cinntí, tuairisciú agus monatóireacht.
- Fanacht cothrom le dáta maidir le forbairtí ábhartha sna réimsí a bhaineann leis an bpost.

**Cúraimí Oibríochtúla:**

- Feachtais ar na meáin shóisialta a phleanáil, a fhorbairt agus a bhainistiú le tacú le réimsí oibre na heagraíochta agus teachtaireacht na heagraíochta a threisiú.
- Bainistiú a dhéanamh ar láithreán gréasáin Fhoras na Gaeilge agus clár forbartha a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an bhfoireann mhargaíochta.
- Tacú le reáchtáil agus eagrú ócáidí lena n-áirítear plé le soláthróirí seachtracha, na meáin agus preas-ráitis.
- Iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcóras reatha agus a bheith páirteach in aon phróiseas athbhreithnithe.
- Anailís agus monatóireacht a dhéanamh ar na suíomhanna gréasáin agus na hardain dhigiteachta agus tuairiscí a chur ar fáil ina leith.
- Tacaíocht a thabhairt don bhainistíocht de réir mar is gá.
- Tacaíocht a thabhairt don gChlárbhainisteoir le cúraimí a bhaineann leis na meáin.

- Bheith rannpháirteach mar bhall foirne chun feidhmíocht agus comhoibriú tras-rannóige a chinntiú agus chun pleanáil a dhéanamh dá réir.
- Comhordú a dhéanamh ar chlár fógraíochta agus urraíochta Fhoras na Gaeilge i gcomhar leis an bhfoireann Cumarsáide & Margaíochta.
- Páirt a ghlacadh in oiliúint, cumasú agus forbairt baill foirne eile san eagraíocht sa réimse.
- Pleananna a réiteach agus a aontú i gcomhar leis an gClárbhainisteoir chun cúraimí sa réimse a chur i gcrích.
- Cur i gcrích tionscnaimh chomhaontaithe éagsúla.

**Cúraimí Airgeadais:**

- Bainistiú a dhéanamh ar bhuiséad a bhaineann leis na réimsí oibre i gcomhar leis an gClárbhainisteoir ábhartha.
- Tuairisciú don Chlárbhainisteoir/Stiúrthóir maidir le feidhmíocht airgeadais.
- Tuairiscí airgeadais a sholáthar don rannóg airgeadais nuair is cuí.
- A chinntiú go gcloíonn na córais airgeadais le forálacha Mheamram Airgeadais Fhoras na Gaeilge agus go gcloítear le polasaithe maidir le Soláthar Poiblí.

**Cúraimí Pearsanra:**

- A chinntiú go gcloíonn na baill foirne atá ag tuairisciú dó/di le polasaithe agus modhanna imeachta Fhoras na Gaeilge.
- Feidhmíocht na mball foirne atá ag tuairisciú go díreach dó/di a bhainistiú.
- Tuairisciú don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus don Chlárbhainisteoir ábhartha maidir le cur i gcrích cuspóirí na rannóga agus na foirne.
- Tabhairt faoi chúrsaí oilúna / cáilíochtaí ábhartha atá aontaithe leis an mbainisteoir líne agus an Rannóg Acmhainní Daonna.
- Comhairle a thabhairt d'fhoireann na rannóige nuair is gá agus i gcomhar leis an gClárbhainisteoir.

**Cúraimí Cumarsáide:**

- Freastal ar chruinnithe éagsúla d'fhoireann Fhoras na Gaeilge mar is cuí agus a bheith rannpháirteach iontu.
- Freastal ar chruinnithe na mball foirne uile taobh istigh den Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Bheith ag plé conraitheoirí lena n-áirítear forbróirí greasáin, sainchomhairleoirí agus páirtithe leasmhara ar thionscadail a bhaineann leis an réimse oibre.
- Feidhmiú mar theagmhálaí don fhoireann maidir leis an margaíocht dhigiteach agus comhairle agus oiliúint a sholáthar más cuí.
- Cruinnithe rannóige a thionól de réir mar is cuí.
- Teagmhálacha ag gach leibhéal a fhorbairt agus a choinneáil le páirtithe leasmhara agus leis na húdaráis chuí.
- Teagmháil leis na meáin agus le páritithe leasmhara a fhorbairt chomh maith le plé le cumarsáid phoiblí Fhoras na Gaeilge.
- Freastal ar chruinnithe eile de réir mar is gá.

**Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.**

## SONRAÍOCHT FAOIN bPEARSA

### Critéir Riachtanacha

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa mar aon le tiomantas don teanga.
- Cáilíocht aitheanta nó gairmiúil / taithí ábhartha sa réimse Cumarsáide & Margaíochta nó gealltanas obair i dtreo cáilíochtaí ábhartha don ról.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa agus ardscileanna idirphearsanta.
- Taithí ar riarachán, eagrúchán agus obair oifige.
- Ardscileanna ríomhaireachta, úsáid na meáin shóisialta agus feidhmchláir éagsúla san áireamh (m.sh Canva, Agorapulse, Campaign Monitor).
- Taithí ar thionscnaimh a phleanáil, fhorbairt, a chur i gcrích agus tuairiscí a chur ar fáil ina leith.
- Ceadúnas tiomána reatha agus úsáid chairr chun críche an phoist nó teacht láithreach ar mhodh iompair taistil sásúil.

### Critéir Inmhianaithe

- Taithí 3 bliana ag plé le réimse na cumarsáide, taithí leis na meáin shóisialta nó ag cothabháil suíomh gréasáin san áireamh.
- Cáilíocht aitheanta/gairmiúil i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus chumarsáide (bainistíocht tionscadail, cibearshlándáil nó néal-teicneolaíocht m.sh.)
- Taithí ábhartha ar chúrsaí airgeadais (m.sh. buiséadú agus tuairiscí a ullmhú).
- Taithí ar a bheith ag obair san Earnáil Phoiblí.
- Taithí ar ghraificí a dhearadh agus ar chóipscríbhneoireacht.

### Cáilíochtaí Pearsanta

- Ba chóir go mbeadh an t-iarrthóir féinspreagtha agus díograiseach.
- Ardscileanna idirphearsanta agus ábalta caidrimh oibre tháirgiúla a choinneáil agus a fheabhsú.
- Ábalta dul i gcion ar dhaoine.
- Taithí mar bhall foirne.
- Dírithe ar spriocanna agus ar thorthaí a bhaint amach.
- Eagraithe.
- Muiníneach.
- Ábalta déileáil le fadhbanna.
- Nuálach.
- Solúbtha.
- Stuama.
- Discréid.

# Fís, Misean agus Luachanna Fhoras na Gaeilge

## Ráiteas Físe

An Ghaeilge mar theanga phobail a bheith neadaithe i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann.

## Ráiteas Misin

Úsáid na Gaeilge agus a saibhreas cultúrtha a neartú gach áit, do gach duine, agus i ngach gné den saol.

## Luachanna

5 bhunphrionsabal a threoraíonn ár gcuid oibre:

### LEAS NA GAEILGE

Is í an Ghaeilge an dúshraith atá faoi gach rud a dhéanaimid. Is cás linn riachtanais phobail na Gaeilge agus riachtanais forbartha na Gaeilge féin. Bainimid leas as ár n-acmhainní, ár dtionchar agus ár saineolas ar bhealach comhordaithe comhtháite ar mhaithe le leas na Gaeilge sa tsochaí.

### AN POBAL

Táimid tiomanta do sheirbhís a thabhairt don phobal agus don stát. Aithnímid ár ndualgais reachtúla agus ár bhfreagracht don phobal, idir phobal na Gaeilge agus an mórphobal. Cuirimid san áireamh iad inár gcuid oibre, ó phleanáil go cur i gcrích, ar bhealach gairmiúil tuisceanach solúbtha, bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar thaighde, agus ag cur pholasaithe an 2 Rialtas san áireamh.

### ARDCHAIGHDEÁIN

Seasaimid le hardchaighdeáin maidir le feabhsú, forbairt agus foghlaim. Déanaimid ár gcuid oibre ar bhealach tiomanta, bunaithe ar dhea-chleachtas, ar shaineolas agus ar athbhreithniú rialta, agus déantar an fhoireann a oiliúint agus a chumasú go córasach.

### MEAS

Cothaímid meas orainn féin mar eagraíocht agus ar an bpobal. Déanaimid cumarsáid éifeachtach le comhghleacaithe agus leis an bpobal, agus freagraímid dóibh ar bhealach dearfach, samhlaíoch agus trédhearcach.

### CEANNAIREACHT

Seasaimid lenár mbunphrionsabail trí dhea-shampla. Cuirimid fís don Ghaeilge i láthair go bródúil inár gcuid oibre. Déanaimid ár ndícheall tionchar dearfach a imirt ar son na Gaeilge agus muid ag plé leis an bpobal ar bhealach ceannródaíoch, nuálaíoch, saineolach.

Foras na Gaeilge

forasnagaeilge.ie